Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 21 Aibreán 2026
(OR. en)

16833/1/25
REV 1 ADD 1

Comhad Idirinstitiúideach:
2023/0271 (COD)

TRANS 650
CODEC 2139
*PARLNAT*

**RÁITEAS AR CHÚISEANNA NA COMHAIRLE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | Seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh d'fhonn go nglacfaí RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir leis an toilleadh bonneagair iarnróid a úsáid sa limistéar Eorpach aonair iarnróid, lena leasaítear Treoir 2012/34/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 913/2010<br>– Ráiteas ar chúiseanna na Comhairle<br>– Arna ghlacadh ag an gComhairle an 21 Aibreán 2026 |

## I. RÉAMHRÁ

1. An 11 Iúil 2023, chuir an Coimisiún faoi bhráid na Comhairle agus Pharlaimint na hEorpa togra[1] le haghaidh Rialachán maidir leis an toilleadh bonneagair iarnróid a úsáid sa limistéar Eorpach aonair iarnróid, lena leasaítear Treoir 2012/34/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 913/2010. Tá an togra bunaithe ar Airteagal 91 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh agus faoi réir an ghnáthnós imeachta reachtaigh.

2. Ghlac an Chomhairle a cur chuige ginearálta ag an gComhairle Iompair, Teileachumarsáide agus Fuinnimh (Iompar) an 18 Meitheamh 2024.

3. Ghlac Parlaimint na hEorpa a sainordú caibidlíochta ag seisiún iomlánach an 12 Márta 2024.

4. Eagraíodh an chéad chruinniú tríthaobhach an 19 Samhain 2024 a thug sainordú foriomlán don leibhéal teicniúil. Eagraíodh dhá chruinniú thríthaobhacha eile an 3 Márta 2025 agus an 10 Meitheamh 2025. Ag an gceathrú cruinniú tríthaobhach an 18 Samhain 2025, arb é an cruinniú tríthaobhach deiridh é, tháinig an Chomhairle agus an Pharlaimint ar chomhaontú sealadach.

5. An 19 Nollaig 2025, rinne Coiste na mBuanionadaithe anailís ar an téacs comhréitigh críochnaitheach d'fhonn teacht ar chomhaontú agus dhearbhaigh sé é.

6. An 27 Eanáir 2026, chuir Cathaoirleach Choiste TRAN litir chuig Cathaoirleach Choiste na mBuanionadaithe ina ndearbhaítear, dá bhformheasfadh an Chomhairle an téacs comhaontaithe, ar an gcéad léamh, tar éis athbhreithniú dlítheangeolaíoch a dhéanamh air, go bhformheasfaidh an Pharlaimint an seasamh ón gComhairle ar an dara léamh.

1 11718/23 + ADD 1 go 4.

## II. CUSPÓIR

7. Is é is aidhm don Rialachán creat rialála aonair a chur i bhfeidhm maidir le hoibriú thoilleadh an ghréasáin iarnróid. Cuirtear na rialacha a leagtar amach sa Rialachán seo in ionad na rialacha maidir le toilleadh a leithdháileadh a leagtar amach i dTreoir 2012/34/AE. Cuireann an togra, atá faoi stiúir an tionscail, leis an Tionscadal maidir le Tráthchláir a Athdhearadh, arb é is aidhm dó níos mó solúbthachta a thabhairt do bhainisteoirí bonneagair maidir le pleanáil straitéiseach níos fadtéarmaí agus leithdháileadh gearrthéarmach toillte araon trí phróiseas nua pleanála agus leithdháilte. Má chuirtear tús leis an bpleanáil níos faide roimh ré, beifear in ann an úsáid is fearr is féidir a bhaint as bonneagar. Beidh deighilt níos cothroime ann freisin idir na cineálacha éagsúla úsáideoirí toillte iarnróid, bíodh sin paisinéirí nó lastas, go háirithe chun tairbhe an iompair lastais, rud ba cheart a bheith níos iontaofa.

8. Ó thaobh an eagrúcháin de, leis an togra ón gCoimisiún, treisíodh an lárú ar leibhéal an Aontais, le Líonra Eorpach na mBainisteoirí Bonneagair (LEBB) treisithe agus eintiteas nua a chruthú: an comhordaitheoir gréasáin. Rinneadh Painéal Comhairleach Feidhmíochta den Chomhlacht Athbhreithnithe Feidhmíochta a moladh ar dtús. Arna iarraidh sin do Pharlaimint na hEorpa, beidh deis ag na páirtithe leasmhara an tArdán Eorpach Iarnróid (AEI) a chur ar bun.

## III. ANAILÍS AR AN SEASAMH ÓN gCOMHAIRLE AR AN gCÉAD LÉAMH

9. Bunaithe ar an togra ón gCoimisiún, chuaigh an Pharlaimint agus an Chomhairle i mbun caibidlíochta agus é mar aidhm acu teacht ar chomhaontú luath ar an dara léamh bunaithe ar an seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh. Tá na príomhghnéithe seo a leanas sa seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh, ar tháinig na comhreachtóirí ar chomhaontú ina leith.

**Achoimre ar na príomh-shaincheisteanna**

10. Tugtar isteach leis an Rialachán rialacha nua maidir le toilleadh an bhonneagair iarnróid a leithdháileadh, rud a fhágann gur féidir pleanáil níos fadtéarmaí a dhéanamh ar sheirbhísí traenach agus, ar an gcaoi sin, is mian leis úsáid níos fearr a bhaint as an mbonneagar agus níos mó seirbhísí traenach a cheadú, do phaisinéirí agus do lastas araon. Tá an córas nua bunaithe ar chóras cuimsitheach comhairliúchán chun go mbeidh na bainisteoirí bonneagair in ann tuiscint níos fearr a fháil ar riachtanais na n-iarratasóirí éagsúla. Tar éis chéim an chomhairliúcháin, leithdháilfear an toilleadh. Ach a mbeidh an leithdháileadh déanta, beidh rialacha mionsonraithe ann freisin chun gur féidir athruithe a dhéanamh ar an bpleanáil. Tá an córas nua ceaptha freisin chun gur féidir comhordú níos fearr a dhéanamh thar na teorainneacha agus chun gur féidir seirbhísí ilghréasáin níos fearr a chur ar bun. Tá córas pionós ann freisin atá ceaptha le bheith athchomhairleach agus chun go seachnófar an iomarca athruithe.

11. Féadfaidh Ballstát treoraíocht straitéiseach a thabhairt don bhainisteoir bonneagair bunaithe ar an straitéis tháscach um fhorbairt an bhonneagair iarnróid, agus freagrachtaí oibríochtúla an bhainisteora bonneagair á n-urramú ag an am céanna. Leis an treoir straitéiseach sin, d'fhéadfaí saintréithe agus ceanglais náisiúnta shonracha a mheas i gcomhthéacs foriomlán cur chuige níos Eorpaí maidir le toilleadh iarnróid a phleanáil agus a leithdháileadh. Tá sé tábhachtach go mbeadh na Ballstáit in ann cinneadh a dhéanamh maidir le cineál sonrach dhearadh an tráthchláir, na toirteanna íosta a shocrú do chineálacha sonracha seirbhísí iompair ar iarnród agus go mbeadh an deis acu tosaíochtaí náisiúnta a léiriú sna paraiméadair maidir le deighilt an toillte nó réiteach coinbhleachta.

12. Beidh bainistiú thoilleadh an bhonneagair iarnróid bunaithe ar phleanáil níos fadtéarmaí. Ullmhófar gach tráthchlár a thiocfaidh i bhfeidhm ó mhí na Nollag 2030 agus a mbeidh feidhm acu don chéad bhliain eile, agus cuirfear chun feidhme iad, i gcomhréir leis na trí chéim as a chéile seo a leanas: pleanáil, leithdháileadh agus oiriúnú. Ag gach céim, tá céim chomhairliúcháin ann chun éisteacht le riachtanais na n-iarratasóirí. Chun tacú le bainisteoirí bonneagair agus le páirtithe leasmhara oibríochtúla i bpróiseas na pleanála, an leithdháilte agus an oiriúnaithe, ullmhóidh LEBB creat le haghaidh bainistiú toillte. Leis an gcreat sin, soláthrófar uirlisí, modheolaíochtaí agus socruithe nós imeachta chun toilleadh bonneagair a bhainistiú agus chun comhordú a dhéanamh idir bainisteoirí bonneagair agus páirtithe leasmhara oibríochtúla eile.

1. Pleanáil: tosóidh na bainisteoirí bonneagair le pleanáil straitéiseach maidir le toilleadh agus áiritheoidh siad go ndéanfar na pleananna sin a chomhordú i measc na mbainisteoirí bonneagair. Fágfaidh sé sin go mbeidh sé níos éasca d'iarratasóirí seirbhísí trasteorann a eagrú. Bunaithe ar an bplean straitéiseach, rachaidh an bainisteoir bonneagair i mbun pleanáil níos mionsonraithe, le straitéis maidir le toilleadh ar dtús, leis an tsamhail um thoilleadh i ndiaidh sin, agus ar deireadh leis an bplean um thoilleadh a sholáthar. Tá nósanna imeachta speisialta ceaptha chun bonneagar a bhfuil an-úsáid á baint as nó atá plódaithe a bhainistiú.

2. Leithdháileadh: tar éis na pleanála, ní mór na cearta chun an bonneagar a úsáid a leithdháileadh ar na hiarratasóirí - cearta toillte gréasáin aonair agus ilghréasáin araon. Maidir leis an dara ceann, leagtar amach freisin rialacha sonracha sa Rialachán. Is trí uirlisí digiteacha agus seirbhísí digiteacha a dhéanfar an leithdháileadh. Beidh bealaí éagsúla ag bainisteoirí bonneagair chun na cearta toillte a leithdháileadh agus ní mór dóibh saincheisteanna a bhaineann le toilleadh na saoráidí seirbhíse a chur san áireamh. Ceanglaítear freisin ar bhainisteoirí bonneagair oibreacha bonneagair a chomhtháthú sa phleanáil. Má bhíonn coinbhleacht ann fós ag deireadh an phróisis leithdháilte idir iarrataí na n-iarratasóirí agus an toilleadh atá ar fáil, bíonn próiseas réitithe coinbhleachta ann. Mura féidir teacht ar réiteach comhthoiliúil, is féidir modheolaíocht chothrom, thrédhearcach agus neamh-idirdhealaitheach a chur i bhfeidhm mar thoradh ar an réiteach coinbhleachta, bunaithe ar shraith critéar oibríochtúil, socheacnamaíoch agus comhshaoil.

3. Oiriúnú: sula dtiocfaidh an tráthchlár i bhfeidhm, beidh cead ag bainisteoirí bonneagair agus ag iarratasóirí araon athruithe a iarraidh. Mar sin féin, ba cheart an iarraidh ar athruithe a theorannú a mhéid is féidir. Chun an iomarca athruithe a sheachaint, cuireadh córas pionós ar bun, chun an bainisteoir bonneagair nó an t-iarratasóir a dhíspreagadh ó athruithe a iarraidh.

13. Is é toradh na pleanála agus an leithdháilte an tráthchlár a thiocfaidh i bhfeidhm ag tús mhí na Nollag gach bliain. Beidh an bainistiú tráchta mar thoradh air sin, bunaithe ar an tráthchlár. Faoin gcóras nua, d’fhéadfadh sé tarlú fós go mbeadh teagmhais gan choinne ann a mbeadh bainistiú suaite agus bainistiú géarchéime ag teastáil ina leith. Tá sé tábhachtach go gcoinneodh gach duine a bhfuil baint acu le trácht, suaitheadh agus géarchéimeanna a bhainistiú a chéile ar an eolas. Ullmhóidh LEBB creat chun tacú le bainisteoirí bonneagair agus le páirtithe leasmhara oibríochtúla chun bainistiú tráchta, bainistiú suaite agus bainistiú géarchéime a chomhordú, le huirlisí, modheolaíochtaí agus socruithe nós imeachta coiteanna.

14. Déanfaidh LEBB faireachán agus tagarmharcáil ar fheidhmíocht na seirbhísí bonneagair iarnróid. Ullmhóidh LEBB creat chun tacú le bainisteoirí bonneagair le huirlisí, modheolaíochtaí agus socruithe nós imeachta coiteanna don athbhreithniú feidhmíochta sin. Foilseoidh LEBB tuarascáil Eorpach maidir le hathbhreithniú ar fheidhmíocht agus tabharfaidh sé an tuarascáil sin cothrom le dáta gach bliain. Féadfaidh an Coimisiún painéal comhairleach feidhmíochta a chur ar bun a bheidh ina phainéal saineolaithe neamhspleách neamhchlaonta. Tabharfaidh an painéal moltaí maidir le feidhmíocht agus déanfaidh sé athbhreithniú ar an dréacht-tuarascáil ar fheidhmíocht agus cuirfidh sé cuid neamhspleách i láthair sa tuarascáil maidir le hathbhreithniú ar fheidhmíocht.

15. Rialachas

    1. Leis an Rialachán, sanntar freagrachtaí nua do LEBB: is iad sin na trí chreat a bhunú agus comhordú níos fearr a dhéanamh ar obair na mbainisteoirí bonneagair nuair a bhaineann sé le seirbhísí iarnróid ilghréasáin. Ceapfaidh sé an comhordaitheoir gréasáin freisin, tar éis toiliú a fháil ón gCoimisiún Eorpach.

    2. Ceapfar comhordaitheoir gréasáin chun tacú le hobair LEBB. Gníomhóidh an comhordaitheoir gréasáin sin mar rúnaíocht LEBB, rannchuideoidh sé le hullmhú na gcreataí, rannchuideoidh sé leis an gcomhordú i measc bainisteoirí bonneagair, sainaithneoidh sé bacainní ar sheirbhísí iarnróid ilghréasáin, gníomhóidh sé mar phointe teagmhála agus tacóidh sé leis an obair ar dhigiteáil.

    3. Gheobhaidh Líonra Eorpach na gComhlachtaí Rialála Iarnróid (LECRI) feidhmeanna sonracha faoin Rialachán sin chun faireachán a dhéanamh ar shaincheisteanna rialála agus chun comhordú a dhéanamh i measc rialtóirí náisiúnta nuair a thiocfadh saincheisteanna chun cinn maidir le seirbhísí iarnróid ilghréasáin.

4. Féadfaidh páirtithe leasmhara oibríochtúla a chinneadh AEI a bhunú chun comhairliúchán éifeachtach leis an earnáil iarnróid i leith LEBB a áirithiú.

16. I gcás nach gcuirfeadh LEBB ceann amháin nó níos mó de na creataí nó gnéithe de/díobh i láthair, nó i gcás nach leor ceann amháin nó níos mó de na creataí nó gnéithe de/díobh chun na cuspóirí atá beartaithe a chomhlíonadh, nó i gcás nach leor ceann amháin nó níos mó de na creataí chun na coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú maidir le cur chun feidhme an Rialacháin, tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomh cur chun feidhme a ghlacadh chun an creat ábhartha nó gnéithe de a ghlacadh.

17. Foilseofar an chéad tráthchlár de réir na rialacha nua faoin Rialachán sin in 2030 agus beidh feidhm ag an tráthchlár sin ón 14 Nollaig 2030.

## IV. CONCLÚID

18. Leis an seasamh ón gComhairle, leagtar béim ar aidhm an togra ón gCoimisiún agus léirítear go hiomlán an comhréiteach ar thángthas air sa chaibidlíocht neamhfhoirmiúil idir an Chomhairle agus Parlaimint na hEorpa, agus tacaíocht á fáil ón gCoimisiún.

19. A luaithe a ghlacfar é, beidh an Rialachán maidir leis an toilleadh bonneagair iarnróid a úsáid sa limistéar Eorpach aonair iarnróid, lena leasaítear Treoir 2012/34/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 913/2010, ina rannchuidiú tábhachtach leis an earnáil iompair.